

Cur Síos Gairid	Nascmhodúil, Meitheal Forbartha Cruinniú 9, an 9 Aibreán 2025
Mír ar an gClár	Nótaí
Na chéad léargais ón gcomhairliúchán	Cuireadh na chéad léargais in iúl agus pléadh iad, lena n-áirítear: • Freagairt dhearfach ar an iomlán ar threo an chúrsa agus na foghlama sa dréachtsonraíocht, agus sainaithníodh roinnt dúshlán agus pointí le soiléiriú • Bhíothas sásta ar an iomlán leis an gcur chuige nuashonraithe i leith na fiontraíochta atá curtha san áireamh agus nach bhfuil Gnó na hArdteistiméireachta á chóipeáil an oiread céanna • Bhíothas sásta leis an struchtúr agus leis an teanga shothuigthe ag úsáideoirí laistigh, lena n-áirítear an cur chuige dhá cholún i leith na dtorthaí foghlama. • Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis: bhíothas sásta tríd is tríd le haighneacht dhigiteach, tuarascáil ilmhódach, agus a bheith ábalta Tascanna Foghlama Feidhmí a dhéanamh arís agus a fhorbairt le himeacht aimsire • Bhí roinnt ábhair inní ann faoi luach na punainne mura gcuirtear isteach í agus cén chuma a bheadh ar Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis • Réimsí, mar shampla, nasc níos soiléire a chruthú idir na Tascanna Foghlama Feidhmí agus an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, agus caithfear deighilt na próifíle agus an fhreagairt ar riachtanais na treorach a shoiléiriú tuilleadh.
Aiseolas a ghlacadh isteach sa dréachtsonraíocht: snáitheanna staidéir	Réimsí laistigh de na snáitheanna staidéir le cur in eagar nó a bhfuil athshúil le tabhairt orthu: • <i>Cé mé féin mar dhuine?</i> le heagrú arís • Roinnt de na torthaí foghlama ardoird a laghdú • Riachtanais maidir le heolas ar, mar shampla, margadh an tsaothair, cearta an oibrí agus reachtaíocht, srl • Athshúil le tabhairt ar phlé leis an áit oibre, chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt agus réimse eispéireas a thabhairt don scoláire chun foghlaim uathu.
Aiseolas a ghlacadh isteach sa dréachtsonraíocht: measúnú agus an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis	I ndiaidh léargas ginearálta a thabhairt ar shamhail na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis agus tacú leis an aiseolas ón gcomhairliúchán, pléadh: • Grafaic níos soiléire le cur síos follasach ar na téarmaí punann, próifíl phearsanta, agus ráiteas pearsanta • Féadfar tacú leis an tuarascáil ilmhódach le modhanna bunúsacha, mar shampla téacs agus fuaime, ar gá iad a chur san áireamh. • Plé faoi ról an scrúdaithe scríofa le haghaidh na dtorthaí foghlama sna Comhpháirteanna Measúnaithe sa Bhreis, ceisteanna is féidir a nascadh le punann scoláire, an deis daoine a chur faoi agallamh agus conas is féidir tacú le múinteoirí nasc a chruthú idir an phunann agus an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis sa PLE
Na chéad chéimeanna eile	Rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh go dtí seo agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an

	méid a rinne siad. Cuirfidh an Feidhmeannas an t-eolas is deireanaí leis an dréachtsonraíocht ionas go mbeidh an méid a pléadh maidir le tuilleadh oibre a dhéanamh ag an gcéad chruinniú eile, ar an 29 Aibreán, le feiceáil inti.
--	---